UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

BEARTAS UM ROCHTAIN AGUS UM CHOTHÚ RANNPHÁIRTÍOCHTA

Arna cheadú ag Údarás Rialaithe 28 Meitheamh 2011

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúl de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a eiroidh.

Beartas um Rochtain & um Chothú Rannpháirtíochta

D'eascair an Beartas um Rochtain & um Chothú Rannpháirtíochta, mar atá leagtha amach thíos, as fealsúnacht a leagann béim ar uilechuimsitheacht agus ar éagsúlacht. Tá sé i gceist leis an mbeartas seo meicníochtaí iontrála a chur ar fáil mar aon le cláir agus seirbhísí tacaíochta chun comhionannas a chinntiú ó thaobh iontrála, rannpháirtíochta agus torthaí do gach grúpa mac léinn in Ollscoil Luimnigh.

1. Tá sé mar rún ag Ollscoil Luimnigh deimhin a dhéanamh de go mbeidh mic léinn aici ó gach grúpa sóisialta. Is iad na grúpaí is lú rannpháirtíocht san ardoideachas ná (i) daoine ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste go socheacnamaíoch; (ii) daoine atá faoi mhíchumas; (iii) daoine atá 23 bliain d'aois nó níos sine agus (iv) daoine ón Lucht Taistil agus ó mhionlaigh eitneacha eile.

2. Is é atá i gceist leis an mbeartas seo ná iontráil agus rannpháirtíocht a chur chun cinn, rud atá mar chabhair do na grúpaí is lú rannphairtíocht agus iad ag plé le cláir acadúla rochtana, fochéime agus iarchéime agus iad dul i ngleic le saol an mhic léinn san Ollscoil.

3. Cinnteoidh an Ollscoil go scaipfí eolas i measc spriocghrúpaí ar a beartas um rochtain agus um chothú rannpháirtíochta trí ábhar poiblíochta agus trí theagmháil dhearfach a dhéanamh le scoileanna agus leis na grúpaí is lú rannpháirtíocht cuí.

4. Socróidh an Ollscoil spriocanna iontrála dá cláir do na grúpaí is lú rannpháirtíocht. Déanfar monatóireacht ar bhaint amach na spriocanna sin ar bhonn rialta agus déanfar athbhreithniú ar na spriocanna de réir mar is cuí.

5. Cuirfidh an Ollscoil nósanna imeachta inrochtana ar fáil, a mbeidh cáipéisí soiléire ag gabháil leo, mar chabhair do dhaoine ó na spriocghrúpaí seo agus iad ag tabhairt faoi chláir na hOllscoile.

6. Déanfaidh an Ollscoil gach iarracht dreasachtaí a chur ar fáil chun caidreamh dearfach a spreagadh maidir leis an mbeartas um rochtain agus um chothú rannpháirtíochta.

7. Déanfaidh an Ollscoil tuilleadh forbartha ar *Access Campus*, Ollscoil Luimnigh chun aghaidh a thabhairt ar an míbhuntáiste oideachais atá i gceantair nach bhfuil an eacnamaíocht chomh láidir iontu. Cuirfear béim faoi leith ar an gceantar geografach ar a dtugtar Cathair Luimnigh Theas. Comhoibreoidh an Ollscoil go gníomhach lena comhpháirtithe mar atá sonraithe i Meabhrán Tuisceana *Access Campus* Ollscoil Luimnigh chun

na spriocanna seo a bhaint amach. Díreoidh an fhorbairt seo ar na rudaí seo a leanas:

i. Tacú le daoine i mbunoideachas agus in oideachas dara leibhéal le go mbeidh comhdheiseanna acu maidir le rochtain ar oideachas tríú leibhéal;
ii. Tacú le daoine fásta dul i mbun na foghlama arís, agus an fhoghlaim seo a chur chun cinn trí chláir fhor-rochtana, agus cláir eile nach iad, a sholáthar;
iii. An bhaint atá ag Ollscoil Luimnigh leis na pobail sa cheantar seo a mhéadú.

8. Tá sé mar bheartas ag an Ollscoil go dtabharfaidh sí aitheantas don mhéid atá foghlamtha ag iarrthóirí na spriocghrúpaí roimh theacht chun na hOllscoile dóibh.

9. Cuirfidh an Ollscoil feabhas ar an mbeartas seo agus ar na nósanna imeachta a ghabhann leis trí thuairimí a fháil ó na spriocghrúpaí féin nó ó urlabhraithe na ngrúpaí seo.

10. Cinnteoidh an Ollscoil go mbeidh gníomhartha, gníomhaíochtaí agus torthaí taighde mar bhunús d'aon fhorbairtí straitéise agus beartas a dhéanfar amach anseo chun rochtain agus rannpháirtíocht a chothú i measc na spriocghrúpaí.

11. Déanfaidh Údarás Rialaithe na hOllscoile athbhreithnithe bliantúla, ar bhonn cainníochtúla agus cáilíochtúla, ar chur i bhfeidhm an bheartais seo, mar aon leis na nósanna imeachta agus cláir a ghabhann leis, chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na cuspóirí á mbaint amach agus chun éifeachtacht agus rathúlacht leanúnach an bheartais sin a fheabhsú.

12. Déanfaidh an Ollscoil bealaí rochtana agus modhanna foghlama solúbtha a fhorbairt agus a chothabháil do mhic léinn ó na spriocghrúpaí trí chomhoibriú a chur chun cinn le hinstitiúidí agus eagraíochtaí oideachais eile, go háirithe iad siúd atá páirteach iontu seo leanas: Cuibhreannas na Sionainne,, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, cuibhreannais rochtana eile a fhaigheann maoiniú straitéiseach agus nuálaíoch agus eagraíochtaí a thacaíonn le forbairt an réigiúin agus an oideachais. Bhainfeadh na nithe anseo thíos, agus nithe eile nach iad, lena a leithéid de chomhoibriú:
    i. Cláir fhor-rochtana
    ii. Cúrsaí rochtana agus bonnchúrsaí
    iii. Naisc le cláir oideachais eile
    iv. Modhanna teagaisc agus foghlama solúbtha, lena n-áirítear díolúintí de réir mar is cuí.

i. Samhlacha de sholáthar seirbhísí atá roinnte
ii. Rannpháirtíocht i measc an phobail.

13. Glacfaidh an Ollscoil bearta chun an fhaisnéis, an oiliúint agus pé riachtanas a chur ar fáil don fhoireann ar fad chun comhlíonadh an bheartais seo a chinntiú.

14. Éascóidh Stiúrthóir Gnóthaí na Mac Léinn cur i bhfeidhm an bheartais seo i gcomhar leis na haonaid chuí agus leis an bpearsanra cuí laistigh den Ollscoil.